Glór Cheatharlach

Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:
Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach
(059) 9158105 / (085) 1340047
eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie
Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!

Féile Drámaíochta as Gaeilge i gCeatharlach

Reachtálfar Féile Drámaíochta Cheatharlach in Amharclann G.B. Shaw an Domhnach seo chugainn, 29ú Márta. Léireoidh Aisteoirí an Lóchrainn, an compántas drámaíochta áitiúil "An Gadaí Béasach" le Dario Fo agus tiocfaidh Aisteoirí an tSean Phobail ó Phort Lairge chun an dráma "Éirí na Gealaí" a scríobh Lady Gregory a léiriú. Tá an fhéile drámaíochta á eagrú i gcomhar leis an gComhlachas Náisiúnta Drámaíochta agus maoinithe ag Foras na Gaeilge.

Tá Aisteoirí an tSean Phobail ag tabhairt chun stáitse le fada an lá agus is deas leo a bheith i mbun léirithe arís i mbliana le "Éirí na Gealaí". Tá ceathrar aisteoirí sa dráma seo, beirt ón tSean Phobal, duine ón Rinn chomh maith le Ciarán Ó Nualláin as Ceatharlach. Is é Pádraig Seosamh Ó Mathúna léiritheoir an dráma agus is iomaí cleas stáitse atá aige. Tá an grúpa ag glacadh páirte i bhFéile Drámaíochta Cheatharlach don tríú uair as a chéile.

Dráma grinn atá roghnaithe ag Aisteoirí an Lóchrainn i mbliana agus táid cinnte go mbainfidh an lucht éisteachta sult agus spraoi as "An Gadaí Béasach" le Dario Fo. Ar an bhfoireann tá Colma Ní Ghabháin, Móna Ní Liatháin, Cathal Ó Catháin, Gearóid Ó Tuama, Treasa Uí Néill, Seosamh Ó Dubhchonna and Lára Ní Bhriain. Táid i mbun cleachtaidh le cúpla mí anuas agus mar is gnathach is é Con Ó Cróinín an léiritheoir.

Beidh an moltóir aitheanta Beartla Ó Flatharta i láthair agus tabharfaidh sé léirmheas ar an dá léiriú ag deireadh na hoíche. Beidh Aisteoirí an Lóchrainn agus Aisteoirí an tSean Phobail dóchasach go n-ainmneofar a ndrámaí le dul ar aghaidh chuig an bhFéile Náisiúnta Drámaíochta a bheidh ar siúl i gConamara ag tús Mhí Bealtaine.

Cuirfear fáilte is fiche roimh gach tacaíocht agus lucht féachana in amharclann G.B. Shaw ar an Domhnach beag seo ag tosnú ag 7.30i.n. Cead isteach €10 agus tá na ticéid ar fáil anois ón amharclann ar 059 9172400 nó ar líne ar www.visualcarlow.ie. Is féidir íoc ag an doras chomh maith. Tá tuilleadh eolais ar fáil ó Ghlór Cheatharlach ar 087 2857048 nó 059 9158105.

Gluais:	Glossary
compántas	company
foireann	cast
maoinithe	funded
aisteoirí	actors
léiritheoir	producer
amharclann	theatre
lucht féachana	audience
moltóir	adjudicator
léirmheas	critique

Aisteoirí an tSean Phobail a léireoidh "Éirí na Gealaí" le Lady Gregory

Éacht déanta ag foireann díospóireachta Acadamh Naomh Muire

Thaisteal foireann díospóireachta Acadamh Naomh Muire, Ceatharlach chuig Baile Mhistéal, Co. Chorcaí le déanaí chun páirt a ghlacadh i gComórtas Díospóireachta na Sinsear. Eagraithe ag Gael Linn is craobh réigiúnda an chomórtais a bhí ar siúl agus ar an bhfoirenn do Scoil na mBráithre bhí Marcus Ó Leathlobhair, Conchobhar Ó Fionnaill agus Dara Mac Giollaphádraig.

An rún a bhí idir lámha ná "Tá an tír seo á rialú ag an Aontas Eorpach!" agus bhí na buachaillí as Ceatharlach ag argóint i gcoinne an rúin. Trí scoil eile a bhí in iomaíocht leo agus gan ach aon áit amháin le gnothú chun dul ar aghaidh chuig craobh na hÉireann den chomórtas. B'iad na scoileanna eile ná Coláiste Íde agus Iosef, Mainistir na Féile, Co. Luimnigh, Meánscoil an Chroí Naofa, Cloch na Coillte, Co. Chorcaí agus Scoil Mhuire, Clochar na Trócaire, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí. Chuir na foirne uile díospóreacht bhreá bhríomhar ar fáil os comhair na moltóirí agus an lucht éisteachta ach is le buachaillí Cheatharlach a bhí an lá. Nach orthu agus ar a múinteoirí a bhí an t-áthas agus an gliondar nuair a fógraíodh an fhoireann le dul ar aghaidh chuig Craobh na hÉireann. Éacht mhór don scoil agus do Cheatharlach. Comhghairdeachas ó chroí leo.

Tá sonraí na craoibhe fógartha cheana féin agus is ins an Ostán Glenroyal, Má Nuad, Co. Chill Dara ar an Déardaoin, 26 Márta ag 5.30i.n. a bheidh an díospóireacht ar siúl. An rún a bheidh le plé ná "Tá téarma eile cumhachta tuillte ag an rialtas reatha!" agus beidh Acadamh Naomh Muire i bhfábhar an rúin. San iomaíocht leo beidh Pobalscoil Naomh Attracta, Tobar an Choire, Co. Shligigh, Coláiste Belvedere, Sráid Mhór na Danmhairge, Baile Átha Cliath agus Coláiste Chiaráin, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara.

Guíonn Glór Cheatharlach gach rath ar na buachaillí agus ar a múinteoirí Pádraig Ó hAonghusa agus Eoin de Búrca agus iad ag tabhairt aghaidh ar an mbabhta deireannach de Chomórtas Díospóireachta 2015. Tá éacht déanta acu cheana féin ach is léir nach bhfuil deireadh ráite acu fós agus iad sa tóir ar an gcorn agus na boinn órdha. Go n-éirí leo.

Gluais:	Glossary:
éacht	achievement
eagraithe	organised
díospóireacht	debate
craobh réigiúnda	regional final
foireann	team
rún	motion
craobh	final
boinn	medals

Bhí Gaelscoil Cheatharlach ar chomhscór sa dara háit ag Spraoicheist na Féile

Spraoicheist na féile do Bhunscoileanna

Reachtáladh réimse an-leathan d'ócáidí Gaelacha i rith Fhéile na Gaeilge ó thús go deireadh Mhí an Mhárta i gCeatharlach. I measc na n-imeachtaí a bhí ar chlár na féile bhí ceolchoirmeacha, drámaíocht, damhsa, scéalaíocht, ceardlanna agus spraoi. Ceann de na himeachtaí ba shuimiúla do dhaltaí bunscoile ab ea Spraoicheist na Féile.

Tháinig céad is fiche dalta ó bhunscoileanna an cheantair maille lena dtuismitheoirí agus a múinteoirí le chéile i gClub Éire Óg don ócáid chun páirt a ghlacadh i spraoicheist na féile.

Bhí 30 foireann ó aon scoil déag éagsúil i láthair ina measc Scoil Ard Lios, Gaelscoil Eoghain Uí Thuraisc, Scoil Bhaile Nua Dún Leicne, Scoil Dhiarmada, Scoil an Easpaig Úí Fhoghlú, Scoil Mhuire gan Smál, Baile Uí Chonaill, Tigh an Raoileann agus Binn an Choire chomh maith le foirne ó Scoileanna bhuachaillí agus cailíní an Teaghlaigh Naofa páirteach sa chomórtas.

Bhí idir mhúinteoirí, daltaí agus tuismitheoirí thar a bheith sásta le caighdeán na gceisteanna. Bhí éagsúlacht an-mhaith ann le cinn bunaithe ar cheol, spórt, cúrsaí reatha, scannáin, stair, tíreolas agus eolas ginearálta. Tar éis sé bhabhta de cheisteanna is foireann as Scoil Bhaile Nua Dún Leicne a bhuaigh an comórtas le dhá mharc is caoga as seasca. Chríochnaigh foirne as Scoil Mhuire gan Smál agus Gaelscoil Cheatharlach ar chomhscór sa dara háit le naoi marc is daichead acu araon. Chuir na buaiteoirí go léir fáilte roimh na huibheacha cásca a bhfuaireadar mar dhuaiseanna agus deineadh comhghairdeachas leis na foirne go léir a ghlac páirt i spraoicheist na féile. Gabhann Glór Cheatharlach buíochas ó chroí leis na múinteoirí, na tuismitheoirí agus na foirne uile a bhí páirteach agus le muintir Éire Óg as na háiseanna a chur ar fáil. Is cinnte go reachtálfar a thuilleadh spraoicheisteanna i gcaitheamh na bliana.

Gluais:	Glossary:
réimse	range
ócáidí	occasions
éagsúil	different
foireann	team
éagsúlacht	variety
babhta	round
duaiseanna	prizes
áiseanna	facilities
i gcaitheamh	during

Bhí Scoil Mhuire gan Smál ar chomhscór sa dara háit ag Spraoicheist na Féile

Baile Nua Dún Leicne a bhuaigh Spraoicheist Fhéile na Gaeilge